

NAOMH MÁRTAN –MÁM

Micheal Breathnach

Bhí Naomh Mártan ina mhuilleor agus bhí a mháthair i mbun an tighe le hais an mhuilinn. Fear coimpléisgeach reamhar a bhí ann. Bhí sé ceannasach, crostach agus eiriceach mór a bhí ann.

Lá a raibh an mháthair sa teach léithe féin, bhí cáca mine choirce dá bhrúith aice ós cómhair na teine agus tháinig an Mhaighdean Muire isteach an doras agus an leanbh Íosa in éinfheacht léithe. D'iarr an Mhaighdean Bheannuighthe píosa den cháca don mhalrach go rabh ocras air.

Dubhairt máthair Naomh Mártan go marbhóch Mártan í dá mbeadh an cáca briste roimhe, nuair a thiocfadh sé isteach. D'iarr an Mhaighdean Bheannuighthe uirthé giota den chrusta a bhí ar imheall an cháca a thabhairt di, le haghaidh an mhalraigh, nach n-aireoch Mártan an crusta a bheith briste. Thug sí giota den chrusta don Mhaighdean Bheannuighthe le haghaidh an mhalraigh. Thug an Mhaighdean Bheannuighthe an crusta den leanbh Íosa. Chaith an leanbh Íosa sa teine agus ar an bpointe boiste bhí an teine ina geamhar agus é a fás, ar a gcrusta a chaith an leanbh Íosa uaidh.

D'imthighheadar annsin. Nuair a bhíodar imthighthe tháinig Mártan isteach ón muileann ag iarraidh a bhéile. Chonnaic sé an geamhar a bhí a'fás i n-áit na teine. D'fhiagruigh sé dá mháthair cén fáth an geamhar. D'innis sí dó agus go raibh an bhean agus an marlach imthighthe. Lean Mártan iad. Bhíodar imthighthe as amharc agus b'éigean do Mhártan brostú ina shiubhal. Tháinig iompódh guile air agus chaith sé aniar an bhloinigh. D'imthigh leis arís agus nuair a bhí sé a'teacht inaice leis an Maighdin Bheannuighthe agus leis an leanbh Íosa, chaith an leanbh Íosa rud éicint uaidh, mar chaithfeadh sé miotóg.

D'éirigh tréad luchan san áit ar thuit an mhiotóg agus bhíodar a'triall ar an muileann, agus chonnaic Mártan iad. Annsin chaith an leanbh Íosa rud eile uaidh agus d'éirigh tréad cat san áit ar thuit an rud agus lean na cuit na luchain.

Nuair a tháinig Mártan suas leof, bhí sé cinnte go raibh rud éicint beannuighthe a baint leof.

"Cá ngabhfaidh tú", adeir an leanbh Íosa leis.

"Leanfaidh mé sibh-se", adeir Mártan.

"Ní leanfaidh tú", adeir an leanbh Íosa.

Téirigh agus marbhuigh na muca sin agus tabhair le n'ithe don mhuinntir iad a bhfuil said a' teastáil uatha agus cuir ag obair iad nuair a bhéas an t-ocras bainte díobhtha.

Bhreathnuigh Mártan thairis agus bhí tréad muca annsin i naice leis. Nuair a bhreathnaigh sé thairis arís bhí, an Mhaighdean Bheannuighthe imthighthe.

D'imthigh sé agus mharbhuigh sé na muca. Roinn se an mhuicfheoil ar na daoine bochta agus chuir sé ag obair iad, gur thóigeadar mainistir. Nuair a bhí an mainistir tóigthe chuir sé bráithre innte agus ceann cómhairle orthu.

D'imithigh sé annsin go tír eile agus thóig sé mainistir eile agus chuir sé bráithre iontu agus níl aon áit dá ndeacha sé, nár thóig sé mainistir ann gur chuir sé bráithre iontu agus ceann cómhairle orthu.

Lean sé naomh Pádhraic go hÉirinn agus bhíodh sé ag imtheacht inéinfeacht le naomh Padhraic, ar fud na h-Éireann agus a tóigeáil mainistreacha. Tháinig sé le Naomh Padhraic go Mám Éan ón gCruaich. Bhí sé a' freastal air.

Anoir dtuaidh tháingeadar tríd na Dubhachta. Bhí sgata fear ar colba an bhealaigh ins na Dabhachta. Nuair a bhí Naomh Pádhraic agus Mártan a'teacht bhain na fir, baillidheard (magadh) astu. Bhíodar a magadh fútha. Sé Mártan a ghearr an leabaidh do Phádhraic as an gcarraig, le hais an tobar. Bhí ocht dtroighthe de leithead sa leabaidh. Chonnaic mise é. Sé Mártan a bhí a' faire, nuair a bhí Pádhraic ina chodladh. Nuair a chuir sé a mhallacht, trí n-uaire ina driomlóid ar Éirinn.

Chuir Mártan an mhallacht gach uair ar bharr na raithnighe, ar chubhar na h-abhann agus ar a'mbruith fá thír. Níl aon mhaith ins na trí ní sin.

Is mar gheall ar na muca a mharbhuigh Mártan do na boicht a dóirtear an fhuil, in ónoir dhó. Is mar gheall ar é a bheith ina mhuilleóir nach gcastar rotha muilinn Lá 'Fhéile Mártan, ná rotha sníomhachain.

I dtigh Mhíchil Bhreathnaigh sa Mám a sgríobhas an méid sin. Tá Mám Éan le feicéal ón doras. Ní rabh an seanachas seo ag Micheál, mí ó shoin. Seanbhean de ghaol atá aige, a d'innis dé é . Tá sí os cionn 80 mbliain.